Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/1363

6.2.2024

**MOLADH ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH**

**an 29 Eanáir 2024**

**do Chomhairle an Aontais Eorpaigh maider le hiniúchóirí seachtracha Banque centrale du Luxembourg (BCE/2024/3)**

(C/2024/1363)

TÁ COMHLAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Reacht Chóras Eorpach na mBanc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagal 27.1 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Déanann iniúchóirí seachtracha neamhspleácha atá molta ag Comhairle Rialaithe BCE agus a fhormheasann Comhairle an Aontais Eorpaigh iniúchadh ar chuntais an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE) agus ar chuntais bhainc ceannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

(2) Tiocfaidh deireadh le sainordú iniúchóirí seachtracha reatha Banque centrale du Luxembourg, Ernst & Young S.A, tar éis an iniúchta don bhliain airgeadais 2023. Dá bhrí sin, is gá iniúchóirí seachtracha a cheapadh don bhliain airgeadais 2024.

(3) Roghnaigh Banque centrale du Luxembourg KPMG Audit S. à r.l. mar iniúchóirí seachtracha do na blianta airgeadais 2024 go 2028,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

Moltar go gceapfaí KPMG Audit S. à r.l. mar iniúchóirí seachtracha ar Banque centrale du Luxembourg do na blianta airgeadais 2024 go dtí 2028.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, 29 Eanáir 2024.

*Uachtarán BCE*
Christine LAGARDE